A Chormaic, cuimhnigh an chóir

[A. Macbain and Rev. J. Kennedy (eds), *Reliquiae Celticae* II (Inverness, 1894), pp. 291-293]

Diarmuid mac Laoisigh Mheic an Bhaird .cc. [For response see *Is náir an sgéal-sa teacht dod thigh* and *Labhradh trian Chonghail go ciuin*]

1 A Chormuic cuimhnigh an chóir
na ben d'fuil Ír a n-onóir
ni hí an choir égára is fherr
ni dóigh édala an fhoirenn.

2 Na rioth do reir do thoile
na car sechran siorraidhe
na heirghe a nguais nac dlecht duit
na gluais tar chert a Chormuic.

3 Ni cás do nech ni do rágh
gan derbhadh súadh na sendán
bheith go brach gan luagh leabhar
más duál chách [do] chreidemhuin.

4 Léig-si dhí mar gach duine
armas fhreimh Rughruighe
na saoil gur libh an lamh dherg
na sir acht rágh na rilérg.

5 Muc dá hógh oighrecht oile
cían go n-aicme d'áirighe
nocha dílsi dhaibh no an lám
san chrich-si Fáil ar fadágh.

6 Na hiarr a Chormaic d'íbh Chuinn
an lámh le fúadach feruinn
a shealbh na sir-si mar sin
mas dearbh libh-si na leabhair.

7 Féchidh an leabhar Ulltach
sgriobhadh na sgél n-iongantach
a Chormuic ní dleaghar dul
tar leabhar oirdheirc Uladh.

8 Seandán fíre ar a bfuil dath
lámh dhérg Eirenn íbh Eathach
do rinn an t-oide glan grinn
na ben re hoige í hUiginn.

9 A n-esbhuigh airgid na óir

do bhí sunn ar siol sénróigh
díol na laime tar chenn cruidh
an eng dob aille a nUlltuibh.

10 Caidhe an tí thráth da cennach
rug uainn í ar aitherrach
cia dhin-ne do dhiol an eng
as gniomh fíre go foircenn.

11 Cia do chách nach cúala sin
dergruathar Chonnuill Chernuidh
cinn cháigh do chur ar an ghad
ni dóigh a dhul ar dermad.

12 Go hoighidh Eirc mhic Cairbre
air ccur air gach áonairde
nior hionladh a lamh[a] leis
gubh iongnadh dála an dualghais.

13 Dar thum a-bhos san bhratach
do chach niorbh am anacail
aig filleadh na laimh[e] leis
nir milleadh aille an armais.

14 Fagba[i]dh Conall tuar treise
lorg a mhear san meirgse
gur oighreacht ga thsíol o shoin
le fornert gniom as gaisgidh.

15 [A]-ta on ló sin a leith
aig siol Ir d’éis a cheile
sealbh na laimhe os doibh dhleaghair
tar fheraibh aille 'Erinn.

16 Ge be duine [a]-deradh riom
go mbhíadh con (?) d’ainbhios orom
nach fior uaim a raidhim rúibh
Saithim mo thúath a ttalmhuin.

17 Bhan tsheilbh dhibh-si nach dleghthar
do ttairgthadh d’fheilioghagh
gion go bfuil Éire a ndan dhuit
ar slán fa chéile a Chormaic.